

# Hedgehog Gr inneog

*Erinaceus europaeus, Linnaeus.*

## Indentification

It is almost impossible to confuse the hedgehog with any other animal. It has a short dumpy body covered by a coat of up to six or seven thousand protective spindles. Each spine has, attached to a base, a muscle that allows it to be raised in defence. The overall colour of the hedgehog is greyish brown. When hedgehogs sense danger they tend to crouch close to the ground, hiss threateningly and erect their spines.

## Diet

Hedgehogs are nocturnal, but they often begin foraging at dusk and may still be active at dawn. They find their food by searching rather than hunting and they can often be detected on foraging trips by their noisy progress through vegetation in search of food. They will eat almost any invertebrate animal found at ground level such as beetles, earthworms, caterpillars, slugs, earwigs, and millipedes. Hedgehogs also eat eggs, small mammals and carrion.

## Habitat

The Hedgehog is an animal of deciduous woodland and whenever grassland meets woodland or scrub. It is common in suburban areas, particularly in gardens that are not totally enclosed by walls. The hedgehog is scarce in coniferous woods, marshy areas and moorland or above treeline in mountainous areas.

## Sainiathint

Tá sé beagnach dodhéanta an ghráinneog a shamhlú le hainmhí ar bith eile. Tá corp gearr dingthe aici atá clúdaithe le cóta a bhfuil suas le sé nó seacht míle spion cosanta air. Tá matán ar gach spion agus tá bun ceangailte den mhatán agus leis an matán sin ligtear don spion í féin a ardú chun an ghráinneog a chosaint. Tá dath liathdhonn ar an ngráinneog. Nuair a bhraitheann an ghráinneog go bhfuil sí i mbaol cromann sí gar don talamh, déanann sí siosamach bhagrach agus cuireann sí a cuid spionta in airde.

## Cothú

Is ainmhí oíche í an ghráinneog ach minic go leor téann sí ar thóir foráiste ag titim na hoíche agus d'fhéadfadh sí a bheith gníomhach go dtí breacadh an lae. Is trí chuardach seachas trí sheilg a aimsiann sí a cuid bia. Mar gheall ar an torann a dhéanann sí ar a turas foráiste tríd an bhfásra ag lorg bia is minic a thugtar faoi deara í. Íosfaidh sí beagnach aon ainmhí gan chnámh droma a bhíonn ar leibhéal na talún amháil ciaróga, péisteanna talún, boilb, drúchtíní, gailseacha agus mílechosai. Chomh maith leis an méid sin itheann an ghráinneog uibheacha, mamaigh bheaga agus ablach.

## Gnáthóg

Is sa choillearnach dhuillsilteach agus in aon áit a bhuaileann talamh féaraigh le coillearnach nó le latrach a bhíonn an ghráinneog. Faightear í go coitianta in áiteanna fo-uirbeacha, go háirithe i ngairdíní nach bhfuil go hiomlán imfhálaithe ag ballaí. Ní bhíonn mórán gráinneog i gcoillearnach bhuaircineach, i limistéir réisc, sa mhóinteach nó os cionn na crannteorann i limistéir shléibhtiúla.

## Timthriall Atáirgthe

Nuair a bhíonn an ghráinneog aon bhliain d'aois déanann sí siolrú don chéad uair. Maireann séasúr an tsíolraithe ó mhí na Bealtaine go dtí mí Dheireadh Fómhair nó mar sin. Saolaítear an chuid is mó de na hálta i mí an Mheithimh. Ar an mheán bíonn ceithre nó cúig cinn de ghráinneoga san ál, ach ba mhínic a rugadh suas le seacht acu in ál amháin.

## An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra National Parks & Wildlife Service



For further information contact: [www.noticenature.ie](http://www.noticenature.ie)  
Le tuilleadh faisnéis a fháil déan teagmháil le: [www.noticenature.ie](http://www.noticenature.ie)